Tailte Éireann

Tailte Éireann

Polasaí Fianán

Rialú Doiciméid	
Uimhir Leagain:	2.0
Dáta Eisiúna:	25/07/2025
Faofa ag:	Bord Bainistíochta Thailte Éireann
Dáta Faofa:	23/07/2025
Dáta den Chéad Athbhreithniú Eile:	Iúil 2026
Freagracht as Athbhreithniú:	Oifigeach Cosanta Sonraí

1. Réamhrá

Tá Tailte Éireann (TÉ) tiomanta d'fhaisnéis phearsanta a chosaint agus do phríobháideacht na foirne agus na gcustaiméirí a urramú. Mínítear sa pholasaí fianán seo conas agus cén fáth a n-úsáideann TÉ fianáin agus teicneolaíochtaí rianaithe eile (rabhcháin ghréasáin, picteilíní, GIFanna trédhearcacha agus teicneolaíochtaí comhchosúla), dá dtagraítear "fianáin" go coitianta sa pholasaí seo. Léigh an polasaí seo le do thoil i dteannta le fógra príobháideachais TÉ.

Féadfar an polasaí seo a nuashonrú ó am go ham chun aon athrú sa dlí nó sa teicneolaíocht a léiriú.

2. Cad iad fianáin?

Is comhad beag téacs beag é fianán ar féidir le suíomhanna gréasáin é a úsáid chun faisnéis faoi úsáideoirí suíomhanna gréasáin a stóráil, a mheabhrú agus a athúsáid. Cuspóir amháin a luaitear le fianáin is ea taithí an úsáideora a dhéanamh níos éifeachtaí.

3. Cén fáth a n-úsáideann TÉ fianáin?

De réir an dlí, féadfaidh TÉ fianáin a stóráil ar ghléasanna úsáideoirí má tá siad riachtanach chun suíomh gréasáin a fheidhmiú. Do gach cineál eile fianán, iarrfaidh TÉ cead an úsáideora.

Úsáideann TÉ faisnéis a bhailítear ó fhianáin chun feabhas a chur ar thaithí úsáideora a shuíomhanna gréasáin. Tá roinnt fianán riachtanach ionas gur féidir le húsáideoirí bogadh timpeall na suíomhanna gréasáin agus a bhfeidhmeanna a úsáid. Ligeann sé sin do TÉ a shuíomhanna gréasáin a fheabhsú freisin.

Faoi láthair, tá na suíomhanna gréasáin agus na moil seo a leanas á reáchtáil ag TÉ:

- Príomhshuíomh gréasáin Thailte Éireann – tailte.ie
- Mol Sonraí GeoSpatial (agus foshuíomhanna) – geohive.ie
- Clárlann na Talún – landdirect.ie
- Clárú – eRegistration.ie
- Aip léarscáile luachála – maps.tailte.ie
- Deasc chabhrach luachála – helpdesk.tailte.ie

- Tairseach Údaráis Áitiúil Luachála – valuationportal-blue.tailte.ie
- Tairseach Áititheora Luachála – occupierportal.tailte.ie

4. Cineálacha fianán a úsáideann TÉ

Seo a leanas na cineálacha tipiciúla fianán ar shuíomhanna gréasáin TÉ.

- **Riachtanach** – tá na fianáin sin riachtanach chun go mbeidh úsáideoirí in ann nascleanúint a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin TÉ agus a bhfeidhmeanna a úsáid, mar shampla logáil isteach i gcuntais nó íocaíochtaí a dhéanamh. Déantar an fhaisnéis uile a bhailítear leis na fianáin seo a chomhiomlánú agus is faisnéis anaithnid í agus críochnaíonn sí nuair a dhúnann an t-úsáideoir suíomh gréasáin. Ní féidir na fianáin sin a mhúchadh mar go bhfuil siad riachtanach.
- **Feidhmiúil** – cuidíonn na fianáin sin le feidhmíocht suíomhanna gréasáin agus seirbhísí ar líne a fheabhsú trí fhaisnéis staitistiúil a bhailiú faoin gcaoi a n-úsáidtear suíomhanna gréasáin, trí na leathanaigh a dtéann cuairteoirí chucu is minice agus leathanaigh ina bhfuil earráidí a shainaithint. Is fianáin anaithnide iad na fianáin sin agus ní bhailíonn siad faisnéis a shainaithníonn cuairteoir. Bailíonn TÉ faisnéis faoin gcontae ina bhfuil gléas an úsáideora, cén cineál gléis atá á úsáid ag an úsáideoir, cé chomh fada agus a fhanann cuairteoirí ar leathanaigh ghréasáin agus cé mhéad leathanach gréasáin a dtugann siad cuairt air. Ní ghabhann TÉ aon fhaisnéis, amhail seoltaí IP ná déimeagrafaic. Is féidir le cuairteoirí diúltú a bheith páirteach ann.

5. Fianáin tríú páirtí

Cuireann páirtithe eile m.sh. Google, Meta agus LinkedIn fianáin ar ghléas an úsáideora nuair a thugann an t-úsáideoir cuairt ar shuíomhanna gréasáin TÉ nó ar ardáin mheán sóisialta TÉ. Is fianáin “tríú páirtí” iad sin. Mar shampla, tá fianáin mhargaíochta ar shuíomh **gréasáin** TÉ. Úsáideann fógróirí na fianáin sin chun fógraí a sholáthar atá ábhartha do leasanna an úsáideora. Is fianáin anaithnide iad na fianáin sin, agus is féidir le cuairteoirí diúltú a bheith páirteach ann. Tá treoir maidir le fógraíocht iompraíochta agus príobháideacht ar líne curtha le chéile ag tionscal na fógraíochta idirlín agus is féidir rochtain a fháil uirthi ar www.youronlinechoices.eu..

Ní rialaíonn TÉ na fianáin a shocraíonn na páirtithe sin ná an chaoi a mbailíonn nó a n-úsáideann siad faisnéis. Ba chóir d’úsáideoirí tagairt a dhéanamh don pholasaí príobháideachais ar na suíomhanna gréasáin/ardáin faoi seach le haghaidh tuilleadh eolais agus le haghaidh sonraí maidir le conas a gcuid fianán a rialú/a dhíchumasú. Níl TÉ freagrach as na páirtithe sin agus ní ghlacann siad le haon dliteanas ina leith.

6. Socruithe fianán a bhainistiú

Nuair a thugann an t-úsáideoir cuairt ar shuíomh gréasáin TÉ den chéad uair, iarrfar ar an úsáideoir glacadh le gach fianán nó diúltú dó agus na fianáin ar leith a cheadaíonn an t-úsáideoir a bhainistiú. Is féidir leis an úsáideoir fianáin a dhíchumasú trí shocruithe brabhsálaí an úsáideora freisin. Braithfidh an

chaoi a ndéanann an t-úsáideoir é sin ar an mbrabhsálaí idirlín a bhfuil rochtain aige air. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí chuairt a thabhairt ar www.allaboutcookies.org.

Nóta tábhachtach: Nuair a bheidh fianáin múchta, ní féidir le TÉ a dhearbhú go mbeidh taithí an úsáideora chomh héifeachtach agus a bheadh sé le fianáin ghníomhachtaithe. Ní féidir fianáin riachtanacha a mhúchadh.

7. Slándáil Suímh Ghréasáin

Úsáideann córas ríomhaireachta TÉ ríomhchláir bhogearraí chun monatóireacht a dhéanamh ar thrácht líonra d'fhonn iarrachtaí neamhúdaraithe a shainaithint chun faisnéis a uaslódáil nó a athrú nó chun damáiste a dhéanamh ar shlí eile. Tá sé sin chun críocha slándála gréasáin agus chun a chinntiú go bhfuil suíomhanna gréasáin TÉ ar fáil do gach úsáideoir fós.

Tá cosc dian ar iarrachtaí neamhúdaraithe chun faisnéis a uaslódáil nó faisnéis a athrú ar shuíomhanna gréasáin TÉ agus d'fhéadfadh pionós dlí a bheith i gceist.

8. An ceart chun rochtain

Tá sé de cheart ag an úsáideoir, faoi réir díolúintí áirithe, cóip a fháil d'aon sonraí pearsanta atá ag TÉ faoin úsáideoir agus aon mhíchruinneas sna sonraí sin a cheartú. Tá tuilleadh eolais ar fáil i bPolasaí SAR TÉ.

Más mian leis an úsáideoir leas a bhaint as aon cheann de na cearta sin, déan teagmháil le hAonad Cosanta Sonraí Thailte Éireann ag dataprotection@tailte.ie le haghaidh cóip dár bhFoirm Iarratais - Iarratas Duine ar a Shonraí a fháil.

Comhlíonfar an t-iarratas laistigh de mhí amháin ó dháta faighte an iarratais. Féadfar síneadh dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin i gcás inar gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh.